AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 14.12.2021
SWD(2021) 475 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

*a ghabhann leis an doiciméad*

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena leasaítear Treoir 2010/40/AE maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a chur chun úsáide i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadain le modhanna eile iompair**

{COM(2021) 813 final} - {SEC(2021) 436 final} - {SWD(2021) 474 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| Measúnú tionchair ar an togra le haghaidh athbhreithniú ar Threoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat chun Córais Chliste Iompair (CCI) a imlonnú i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadan le modhanna eile iompair |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** 11 líne ar a mhéad |
| Tá an measúnú tionchair seo ina bhonn le haghaidh togra reachtach chun athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 2010/40/AE maidir leis an gcreat chun CCI a imlonnú.. Is príomhghníomhaíocht é den Chomhaontú Glas don Eoraip, den straitéis maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste, agus de thosaíocht an Aontais an Eoraip a chur in oiriúint don ré dhigiteach. Tá sé mar aidhm leis an Treoir CCI cur le himlonnú agus úsáid seirbhísí leanúnacha CCI ar fud an Aontais chun feidhmiú an chórais iompair de bhóthar a fheabhsú, lena n-áirítear a chomhéadain le modhanna eile, agus ar an gcaoi sin éifeachtaí diúltacha seachtracha an iompair de bhóthar a laghdú. Deimhnítear i meastóireacht a rinneadh in 2019 go bhfuil tábhacht ag baint le Treoir CCI, ach cuirtear i bhfios go bhfuil imlonnú CCI fós mall agus ilroinnte, á rá gur cailleadh deiseanna chun córas iompair ilmhódaigh cuimsitheach a thógáil dá bharr sin. Is gá forbairtí nua a chur san áireamh i réimsí amhail soghluaisteacht nasctha agus uathoibrithe agus ardáin soghluaisteachta. Is gá freisin, ar an ngréasán iompair ina iomláine, feabhas breise a chur ar inrochtaineacht agus ar infhaighteacht na nithe seo a leanas: (i) sonraí bonneagair; (ii) sonraí tráchta; agus (iii) sonraí taistil. |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** 8 líne ar a mhéad |
| Is é is aidhm don tionscnamh seo cur le himlonnú agus úsáid oibríochtúil sheirbhísí CCI ar fud an Aontais chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) sábháilteacht ar bhóithre agus éifeachtúlacht iompair a fheabhsú; agus (ii) córas iompair ilmhódaigh a chothú. Is iad na cuspóirí sonracha atá aige idir-inoibritheacht agus leanúnachas seirbhísí a mhéadú (SO1), sásra comhordaithe éifeachtach a chur ar bun idir na páirtithe leasmhara uile CCI (SO2), agus feabhas a chur ar infhaighteacht agus ar inrochtaineacht sonraí a thacaíonn le seirbhísí CCI (SO3). Cuireann sé sin leis an dá phríomhthosaíocht don chóras iompair a bhfuil cur síos orthu sa straitéis maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste: earnáil iompair an Aontais a ghlasú agus a dhigitiú. Cabhróidh sé sin freisin le tionóiscí a laghdú, 'Fís Nialais – básanna ar bhóithre a laghdú beagnach nialas faoi 2050' a bhaint amach, agus an margadh inmheánach a neartú i réimsí amhail soghluaisteacht chomhoibritheach, nasctha agus uathoibrithe (CCAM). |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** 7 líne ar a mhéad |
| Is réamhriachtanais iad CCAM agus taithí gan uaim ar an ngréasán iompair Eorpach do gach úsáideoir iompair (a áirithítear trí leanúnachas seirbhísí idir-inoibritheacha CCI thar theorainneacha) chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) sprioc Chomhaontú Glas na hEorpa maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa iompair a laghdú; agus (ii) cómhargadh iompair san Aontas a fhorbairt. Ní féidir na cuspóirí sin a bhaint amach ach amháin trí bhíthin comhchreat reachtach Eorpach. Rannchuideoidh an t-athbhreithniú ar an Treoir le bonneagar tacaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar bhealach comhleanúnach, lena n-áiritheofar idir-inoibritheacht sonraí agus soláthar seirbhísí comhchuibhithe d'úsáideoirí deiridh. |

| B. Réitigh |
|---|
| **Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** 14 líne ar a mhéad |
| Chun aghaidh leordhóthanach a thabhairt ar chuspóirí an athbhreithnithe ar CCI, rinneadh measúnú ar thrí rogha beartais (RB) maidir lena dtionchar eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil. I measc na roghanna go léir tá: (i) prionsabail an chomhordaithe agus an imlonnaithe a neartú; agus (ii) oibríocht na Treorach CCI a leathnú i réimsí nua seirbhíse CCI agus i réimsí atá ag teacht chun cinn (bonn RB1). Ina theannta sin, déantar comhar le páirtithe leasmhara a institiúidiú i ngach RB trí bhearta chun comhordú a fheabhsú agus chun comhleanúnachas fhorálacha na Treorach leis na forálacha atá in |

| |
|---|
| ionstraimí dlíthiúla eile a áirithiú. Tá RB2 dírithe freisin ar shainordú a thabhairt d'infhaighteacht agus d'inrochtaineacht sonraí ríthábhachtacha. Is ionann é sin agus athrú ó bhonn chun feabhas a chur ar cháilíocht sonraí, ar rochtain ar shonraí, ar mhalartú sonraí, agus ar úsáid sonraí chun seirbhísí CCI a oibriú. Téann RB3 níos faide ar aghaidh tríd an méid seo a leanas: (i) arb é is aidhm dó soláthar seirbhísí riachtanacha CCI a shainordú, leas a bhaint as infhaighteacht, cáilíocht, malartú agus úsáid mhéadaithe sonraí in RB2, agus (ii) breis tacaíochta a thabhairt d'imlonnú seirbhísí idir-inoibritheacha leanúnacha, go háirithe na seirbhísí sin atá dírithe ar shábháilteacht ar bhóithre. Is é RB3 an rogha beartais is fearr, toisc gurb é an rogha is uaillmhianaí agus is éifeachtaí í, is fearr a bhaintear amach cuspóirí sonracha na Treorach maidir le Córais Chliste Iompair léi, agus is fearr a áirithítear léi go n-imlonnófar seirbhísí CCI go tapa agus go comhleanúnach. |
| **Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?** 7 líne ar a mhéad |
| Léiríonn torthaí na ngníomhaíochtaí comhairliúcháin go dtuigeann páirtithe leasmhara na deiseanna agus na tairbhí sochaíocha a chuireann RB3 ar fáil agus go dtacaíonn siad leo. Baineann na húdaráis phoiblí leas as an digiteáil agus as an iompar a dhéanamh níos cliste mar uirlis chun inbhuanaitheacht a fheabhsú agus chun rannchuidiú trí iompar le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais. Bíonn toradh ar infheistíocht de dhíth ar pháirtithe leasmhara an tionscail chun na seirbhísí agus na córais atá beartaithe faoi RB3 a chur chun feidhme. Feictear do na páirtithe leasmhara tionscail sin deiseanna gnó i réimsí atá ag teacht chun cinn amhail CCAM. Cuireann úsáideoirí iompair fáilte roimh chóras soghluaisteachta níos sábháilte agus níos cuimsithí. |
| **C. Tionchar na rogha tosaíochta** |
| **Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?** 12 líne ar a mhéad |
| Le RB3, tá tairbhí suntasacha ann, go háirithe ó thaobh tionóiscí a laghdú (EUR 29.5 billiún), an t-am a shábhálfar (EUR 144.5 billiún), astaíochtaí $CO_2$ (EUR 2.4 billiún), tairbhí astaíochtaí eile (EUR 0.3 billiún), coigilteas breosla (EUR 2.4 billiún) agus OTI (EUR 17.3 billiún) sa tréimhse 2021-2040 i gcoibhneas leis an mbunlíne. Is fiú EUR 179.1 billiún na tairbhí iomlána a bhfuiltear ag súil leo. Tá costais neamhchainníochtaithe ann a bhaineann leis na nithe seo a leanas: (i) oibleagáidí tuairiscithe a nuashonrú agus a shruthlíniú, tuairisciú a shainordú i bhformáid choiteann agus le heochairtháscairí feidhmíochta; agus (ii) bearta chun feabhas a chur ar chomhleanúnachas na Treorach CCI leis na creataí agus na tionscnaimh atá ann cheana. Meastar go laghdófar leo sin costais riaracháin na mBallstát agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha. |

| |
|---|
| **Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** 12 líne ar a mhéad |
| Táthar ag súil go mbeidh costais na rogha beartais tosaíochta (idir 2021-2040, i gcoibhneas leis an mbunlíne) in aonaid cois bóthair (EUR 1.1 billiún), bonneagar cois bóthair (EUR 3.3 billiún), pointí rochtana náisiúnta (EUR 0.4 billiún), fochórais lárnacha CCI (EUR 0.6 billiún), agus córais infheithicle (EUR 15.4 billiún). Is diomaibhseach na costais riaracháin agus na costais a bhaineann le fóin chliste agus le feidhmchláir. Is é EUR 20.8 billiún na costais iomlána lena bhfuiltear ag súil. Meastar gurb é 8.6 an cóimheas tairbhe/costais. |
| **Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?** 8 líne ar a mhéad |
| Ní sprioc shonrach de chuid na mbeart beartais iad FBManna agus ní thugtar le fios gur féidir a bheith ag súil le tionchar difreáilte do chuideachtaí de mhéideanna éagsúla. Mar sin féin, d'fhéadfadh margadh ilroinnte – mar a bheadh ann gan sonraíochtaí nua sonraí a bheith tugtha isteach, gan ceanglais chaighdeánacha nua, agus gan úsáid fhorleathan na bpointí rochtana náisiúnta – buntáiste comparáideach a chruthú do chuideachtaí móra i gcomparáid le FBManna. I margadh comhchuibhithe le caighdeáin chomhchuibhithe, bainfidh FBManna tairbhe as bacainní níos ísle ar iontráil chun a gcuid oibríochtaí a leathnú agus chun dul san iomaíocht ar bhonn cothrom le fiontair mhóra. |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** 4 líne ar a mhéad |
| Ag brath ar na roghanna cur chun feidhme a dhéanfar sna Ballstáit, ní mór do riaracháin phoiblí an |

| |
|---|
| chuid is mó de na costais a bhfuiltear ag súil leo a íoc le haghaidh na n-infheistíochtaí i mbonneagar cois bóthair, i bpointí rochtana náisiúnta agus i bhfochórais lárnacha CCI. Is ionann iad sin agus suas le EUR 13.2 billiún ar an iomlán nó EUR 5.3 billiún os cionn na bunlíne. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** 6 líne ar a mhéad |
| Táthar ag súil go mbeidh tionchair ar an nuálaíocht mar thoradh ar an rogha thosaíochta, a sholáthrófar trí shonraíochtaí coiteanna sonraí agus trí fheabhas a chur ar infhaighteacht agus cáilíocht sonraí. Táthar ag súil le tionchair dhearfacha ar an tsláinte go príomha mar thoradh ar laghduithe ar thruailliú aeir. Táthar ag súil go mbeidh tionchair ar an bhfostaíocht mar gheall ar an ngá le bonneagar a úsáid agus sonraí a bhailiú, agus rachaidh imlonnú luathaithe CCI chun tairbhe don mhargadh inmheánach agus do staid iomaíoch gnólachtaí. Ar deireadh, bainfidh daoine a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu tairbhe as infhaighteacht mhéadaithe ar sheirbhísí faisnéise iompair ilmhódaigh. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** 4 líne ar a mhéad |
| Ós rud é gur earnáil é CCI atá ag gluaiseacht go tapa, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach 3 bliana maidir le cur chun feidhme na Treorach agus a gníomhartha tarmligthe, agus anailís ar thuarascálacha náisiúnta maidir le CCI a imlonnú á cur san áireamh. |